Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2013**

# Stair

## Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991

## Ardsraith

**[GHY22]**

**DÉ LUAIN 10 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **dhá** cheist: **gach** ceist i Roinn A agus ceist **amháin** as an rogha i Roinn B.

Má tá siad de dhíth, tá cead agat a thuilleadh leathanach a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú. Ceangail na leathanaigh seo, le do thoil, den leabhrán leis an scorán comhaid chuige sin.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i Roinn A Ceist **1(b)**, **(c)** agus **(d) agus** i Roinn B.
Measúnófar litriú, poncaíocht agus úsáid chruinn gramadaí i Roinn A Ceist **1(d) agus** i Roinn B.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a bhaineann le Ceist 1 leis an pháipéar seo.

**I gcás Cheist 1, déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

## Roinn A

Freagair an roinn seo **uilig**.

Tá uasmhéid de **5 mharc sa bhreis** ar fáil i **gCeist 1(d)** as litriú, poncaíocht agus gramadach chruinn a úsáid.

**1 Baineann an cheist seo le hImshuí Bheirlín, 1948–1949.**

**(a)** Déan staidéar ar **Fhoinse A**.

Cad é a chuireann **Foinse A** in iúl dúinn faoi dhearcadh Stalin maidir le hIarthar Bheirlín? [4]

**(b)** Déan staidéar ar **Fhoinse B** agus ar **Fhoinse C**.

Cé chomh mór agus a thacaíonn **Foinse C** le **Foinse B** maidir le gníomhartha APSS (*USSR*) i gcathair Bheirlín in 1948? [6]

**(c)** Déan staidéar ar **Fhoinse C**.

Cá húsáidí agus cá hiontaofa atá **Foinse C** do staraí atá ag déanamh staidéir ar eachtraí i mBeirlín in 1948 agus in 1949? [8]

**(d)** **Foinsí A**, **B** agus **C** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil léirmhínithe difriúla ann maidir leis na fáthanna a bhí le hImshuí Bheirlín, 1948–1949. [10]
agus [LPaG 5]

## Roinn B

Freagair ceist **amháin** ón roinn seo.

Tá uasmhéid de **5 mharc sa bhreis** ar fáil sna ceisteanna uilig as litriú, poncaíocht agus gramadach chruinn a úsáid.

**2 Baineann an cheist seo le caidreamh idir APSS (*USSR*) agus Oirthear na hEorpa, 1953–1968.**

Mínigh cad chuige agus cad é an dóigh ar thug APSS (*USSR*) aghaidh ar dhúshláin maidir lena smacht ar Oirthear na hEorpa idir 1953 agus 1968.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Khrushchev agus dearcadh APSS (*USSR*) maidir le hOirthear na hEorpa, 1953–Meitheamh 1956
- An Ungáir, 1956
- Beirlín, 1961
- An tSeicslóvaic, 1968. [22]

agus [LPaG 5]

**3 Baineann an cheist seo le baint SAM (*USA*) le Cogadh Vítneam, 1954–1968.**

Mínigh an dóigh ar tharla sé go raibh baint ag SAM (*USA*) le Vítneam agus cad chuige a raibh fadhbanna ag Arm SAM (*USA*) i Vítneam faoin bhliain 1968.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna le spéis SAM (*USA*) i Vítneam
- Baint méadaithe SAM (*USA*) le Vítneam, 1954–1965
- Fadhbanna a bhí ag Arm SAM (*USA*) i Vítneam, 1965–1968
- Oirbheartaíocht na Viet Cong, 1965–1968. [22]

agus [LPaG 5]

**4 Baineann an cheist seo le Géarchéim Dhiúracán Chúba, 1959–1962.**

Mínigh cad chuige ar athraigh an caidreamh idir SAM (*USA*) agus Cúba i ndiaidh 1959 agus an dóigh ar tharla Géarchéim Dhiúracán Chúba i nDeireadh Fómhair 1962 mar gheall ar ghníomhartha SAM (*USA*) agus APSS (*USSR*).

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Castro agus athruithe ar chaidreamh Chúba le SAM (*USA*), 1959–1961
- Gníomhartha SAM (*USA*) i leith Chúba, 1959–1961
- Baint APSS (*USSR*) le Cúba, 1960-1962
- Gníomhartha SAM (*USA*) agus APSS (*USSR*) i nGéarchéim Dhiúracán Chúba i nDeireadh Fómhair 1962. [22]

agus [LPaG 5]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

8206.02/5